**FAISNÉIS MAIDIR LE PRIONSABAIL NA VÓTÁLA AGUS AN MODH VÓTÁLA**
**Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa laistigh de chríoch Phoblacht na Seice – vótáil do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa a dhéanfaidh ionadaíocht ar son Phoblacht na Seice**
**Dé hAoine, an 24 Bealtaine 2019 idir 2 PM agus 10 PM**
**Dé Sathairn, an 25 Bealtaine 2019 idir 8 AM agus 2 PM**

**Féadfaidh na daoine seo a leanas vóta a chaitheamh:**

- ✓ saoránach de chuid Phoblacht na Seice a bhfuil nó a mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici tráth nach déanaí ná an 25 Bealtaine 2019,
- ✓ saoránach de chuid Ballstát eile den Aontas Eorpach a bhfuil nó a mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici tráth nach déanaí ná an 25 Bealtaine 2019, agus a bhfuil nó a mbeidh cónaitheacht bhuan nó shealadach i bPoblacht na Seice cláraithe aige nó aici ina leith féin tráth nach déanaí ná an 10 Aibreán 2019.

**Ní féidir le vótálaithe vótáil ach amháin má tá siad cláraithe ar an rolla toghthóirí do thoghchán Pharlaimint na hEorpa agus**

- ✓ nach bhfuil a saoirse teoranta de bharr go bhfuil gá lena sláinte a chosaint
- ✓ nach bhfuil srian curtha lena n-inniúlacht dhlíthiúil i dtaobh a gceart vótála a fheidhmiú.

**Ní reáchtálfar an toghchán ach amháin i stáisiúin vótaíochta laistigh de chríoch Phoblacht na Seice.**

**Iarratas ó shaoránach de chuid ballstát eile den Aontas Eorpach ar chlárú sa rolla toghthóirí do thoghchán Pharlaimint na hEorpa**

- ✓ **Na vótálaithe go léir a chaith vóta i bPoblacht na Seice sa toghchán ba dheireanaí de chuid Pharlaimint na hEorpa**, cláraítear iad sa ghnáthchúrsa ar an rolla toghthóirí i gcomhair an toghcháin seo de chuid Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart do vótálaithe an fhaisnéis sin a fhíorú lena n-údarás bardasach féin.
- ✓ **I gcás vótálaí nár chaith vóta i bPoblacht na Seice sa toghchán ba dheireanaí de chuid Pharlaimint na hEorpa**, ach a chaith vóta i dtoghchán bardasach, ní mór dó nó di iarratas a dhéanamh ar a fhaisnéis nó a faisnéis a aistriú chuig an rolla toghthóirí i gcomhair thoghchán Pharlaimint na hEorpa faoin 14 Aibreán 2019.
- ✓ **I gcás vótálaí nár chaith vóta in aon toghcháin i bPoblacht na Seice**, ní mór dó nó di iarratas a dhéanamh chuig an údarás bardasach ábhartha ar a bheith cláraithe ar an rolla toghthóirí i gcomhair thoghchán Pharlaimint na hEorpa faoin 14 Aibreán 2019.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus foirmeacha iarratais, féach láithreán gréasáin na hAireachta Intíre ag www.mvcr.cz** nó téigh i dteagmháil le húdarás bardasach nó údarás réigiúnach.

**Seoltaí na stáisiún vótaíochta**

Foilseoidh gach méara faoi seach seoladh an stáisiúin vótaíochta agus an fhaisnéis riachtanach eile ar an 9 Bealtaine 2019 nó roimhe sin ar an mbealach is gnách i leith gach áite ar leith. Má tá roinnt toghcheantar i mbardas áirithe, cuirfidh an méara in iúl do na vótálaithe cén chuid den bhardas agus cén stáisiún vótaíochta a bhaineann le gach toghcheantar ar leith.

**Próiseas fíordheimhnithe**

Ní mór do gach vótálaí fianaise ar chéannacht agus saoránacht a thabhairt ina leith féin. Féadfaidh saoránach de chuid Phoblacht na Seice é sin a dhéanamh ach aitheantas bailí, pas bailí, pas taidhleoireachta nó pas seirbhíse de chuid Phoblacht na Seice agus doiciméad taistil a chur isteach. Féadfaidh saoránach de chuid ballstát eile den Aontas Eorpach é sin a dhéanamh ach cead buanchónaithe, pas nó doiciméad aitheantais a chur isteach.

**Aon vótálaithe nach gcuirfidh isteach fianaise ar a gcéannacht agus a saoránacht, ní cheadófar dóibh vótáil.**

## Ballóidí

Clóitear ballóidí ar leithligh i leith gach comhlachta atá ina sheasamh i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa. Cuirfear in iúl ar gach ballóid uimhir an chomhlachta atá ag seasamh i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa, ar uimhir í a shannfar dó ar bhonn crannchuir. Ní fhéadfar seicheamh uimhreacha gan bhriseadh a léiriú ar na ballóidí a sholáthrófar do vótálaithe más rud é nár cláraíodh liosta áirithe iarrthóirí, fiú tar éis athbhreithniú cúirte. Ar an gcaoi chéanna, i gcás uimhir sheichimh iarrthóra a scriosadh as liosta na n-iarrthóirí, spás folamh a léireofar i leith na huimhreach sin sa bhallóid.

Taispeánfar faisnéis faoi bhallraíocht iarrthóra i bpáirtí polaitíochta agus/nó i ngluaiseacht pholaitiúil leis an ngiorrúchán ábhartha sa bhallóid; tá liosta giorrúchán faoi cheangal leis an tsraith ballóidí.

## Iarrthóir d'éirí as nó do bhaint

Foilseofar ag an stáisiún vótaíochta faisnéis maidir le haon iarrthóir a d'éirigh as seasamh, aon iarrthóir a baineadh den bhallóid agus/nó aon iarrthóir (saoránach de chuid Ballstát eile den Aontas Eorpach) ar baineadh dó nó di an ceart go ndéanfaí é nó í a thoghadh. Déanfar neamhaird de vótaí tosaíochta i bhfabhar iarrthóir den sórt sin.

## Modh vótála

Gheobhaidh gach vótálaí clúdach oifigiúil folamh ón toghchoiste ceantair, agus beidh stampa oifigiúil ar an gclúdach sin. Arna iarraidh sin, féadfaidh an toghchoiste sraith ballóidí a sholáthar.

Ní mór do gach vótálaí an clúdach oifigiúil agus a chuid nó a cuid ballóidí a thabhairt chuig an limistéar atá leagtha amach le haghaidh ballóidí a láimhseáil. Sa limistéar sin, roghnóidh an vótálaí ballóid an chomhlachta atá ag seasamh do thoghchán Pharlaimint na hEorpa agus ar mian leis nó léi vóta a chaitheamh ar a shon.

**Is féidir le gach vótálaí vóta tosaíochta a thabhairt do dhá iarrthóir ar a mhéad sa bhallóid atá roghnaithe. Féadfaidh gach vótálaí é sin a dhéanamh ach ciorcal a chur timpeall ar uimhir an iarrthóra faoi seach.** Más rud é go gcuirfidh an vótálaí ciorcal timpeall ar níos mó ná dhá uimhir, ní dhéanfar aon vótaí tosaíochta a áireamh.

Déanfar neamhaird d'aon athruithe eile ar bhallóidí. Ina dhiaidh sin, cuirfidh gach vótálaí a bhallóid nó a ballóid isteach sa chlúdach oifigiúil.

**Agus an bhallóid á cur isteach sa chlúdach oifigiúil aige nó aici, ní mór don vótálaí a sheachaint nach gcuirfear breis is ballóid amháin isteach de thimpiste (mar shampla, má tá siad i bhfostú ina chéile). Má bhíonn breis is ballóid amháin i gclúdach oifigiúil beidh an vóta neamhbhailí.**

I gcás ballóidí nach bhfuil clóite san fhoirm atá forordaithe, ar stróiceadh iad nó nár cuireadh isteach sa chlúdach oifigiúil iad, tá siadsan neamhbhailí freisin.

## Vótáil

**Ní mór do gach vótálaí vóta a chaitheamh é nó í féin; ní cheadaítear seachvótaí.** Caithfidh gach vótálaí a vóta tríd an gclúdach oifigiúil ina bhfuil ballóid an té sin a chur isteach i gceann de na boscaí ballóide atá leagtha os comhair an toghchoiste ceantair.

I gcás aon vótálaí nach bhfuil in ann a bhallóid nó a ballóid a mharcáil nó nach bhfuil in ann léamh nó scríobh mar gheall ar mhíchumas coirp, féadfaidh vótálaí eile gabháil leis nó léi chuig an limistéar atá leagtha amach i gcomhair ballóidí a láimhseáil (ach ní mór nach comhalta den toghchoiste ceantair é nó í an té sin), agus marcálfaidh an duine sin an bhallóid agus cuirfidh isteach sa chlúdach oifigiúil í, agus cuirfidh sé nó sí an clúdach oifigiúil i mbosca ballóide, más gá, thar ceann an vótálaí atá faoi mhíchumas coirp.

**I gcás vótálaithe nach bhfuil cláraithe in aon rolla toghthóirí i gcomhair thoghchán Pharlaimint na hEorpa, ní cheadóidh an toghchoiste ceantair dóibh vóta a chaitheamh.** Níl feidhm aige sin maidir le vótálaithe a vótálfaidh le teastas vótálaí nó a chuirfidh isteach deimhniú gur scriosadh iad ó rolla toghthóirí speisialta atá faoi riar ambasáide, nó deimhniú gur scriosadh iad ón rolla toghthóirí do thoghchán Pharlaimint na hEorpa i ndáil le hathrú ar a n-áit bhuanchónaithe agus a chruthóidh go bhfuil sé de cheart acu vóta a chaitheamh sa toghcheantar áirithe sin.

## Vótáil le teastas vótálaí

Má chaitheann vótálaí vóta le teastas vótálaí, ní mór dó nó di é a chur faoi bhráid an toghchoiste ceantair. Ansin gheobhaidh sé nó sí ón toghchoiste ceantair clúdach oifigiúil folamh ar a bhfuil an stampa oifigiúil agus ina bhfuil sraith iomlán ballóidí. Is féidir teastas vótálaí a úsáid in aon toghcheantar.

## Ballóidí a chaitheamh isteach i mbosca ballóide soghluaiste

Féadfaidh aon vótálaí, mar gheall ar chúiseanna tromchúiseacha (go háirithe cúiseanna míochaine), a iarraidh ar a údarás áitiúil nó a húdarás áitiúil féin agus – ar laethanta an toghcháin – ar an toghchoiste ceantair ábhartha, vóta a chaitheamh lasmuigh den stáisiún vótaíochta trí bhallóid a chur isteach i mbosca ballóide soghluaiste. Níl cead ag an toghchoiste ceantair comhaltaí dá chuid a chur chun bealaigh le bosca ballóide soghluaiste, áfach, ach amháin laistigh dá cheantar féin.

## Faisnéis atá ar fáil ag na stáisiúin vótaíochta

Beidh Acht Uimh. 62/2003 Sb., maidir le Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ar fáil sna stáisiúin vótaíochta i Seicis, i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis. Beidh an fhaisnéis seo ar fáil i ngach teanga de chuid bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Tá teimpléid bhallóide agus faisnéis ar earráidí cló, más infheidhme, ar fáil ag na stáisiúin vótaíochta.

Elektronický podpis - 31.1.2019
Certifikát autora podpisu :
Jméno : Mgr. Silvia Rákociová
Vydal : PostSignum Qualified C...
Platnost do : 28.8.2019